

DUILLEOS



Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 2

Earrach 2008



Paráid na Féile Pádraig 2008

Tá Paráid na Féile Pádraig a heagrú ag an Chomharchumann arís i mbliana i gcomhar le Cumann Tráchtála agus Tionscail Ghaoth Dobhair.

Beidh an pharáid againn ar an Luan 17 Mártá. Beidh sé ag toiseacht ar an Bhun Bheag ar an 2.00 agus ag criochnú ag Siopa Uí Mhaolmhuaidh sna Doirí Beaga.

Is é seo an ceathrú paráid i nGaoth Dobhair, bhí an chéad cheann ann i 2005 agus bhí 40 ionad ann, ansin i 2006 chuaigh sé suas go thar 100 ionad agus arís i 2007 bhí thar 120 ann. I mbliana ba mhaith linn go mbeadh 150 ionad ins an pharáid. Tá mé cinnte go dtig é a dhéanadh le tuilleadh iarracht. Ní neart go cur le cheile.

Ba mhaith linn dá dtiocfadh an pobal amach chun tacaíocht a thabhairt dúinn agus b'fhéidir i mbliana go mbeadh an pharáid is mó sa chontae againn anseo i nGaoth Dobhair. Bhí lá Fhéil Pádraig anuraidh go dona ach d'éirigh linn ghúl amach le slua mór.

Thig le achan duine giota beag a dhéanamh más fíú fuinneoga do ghnó nó do theach cónaí a mhaisiu le bratacha, cúpla balún agus stíallbhratacha.

Tar fhéin amach agus tabhair amach na paistí agus b'fhéidir go mbeadh Naomh Pádraig é fhéin ann agus beidh lá ar dóigh againn uilig.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth cur scairt ar an Chrannóg
074 95 32208.

Glór na nGael

NA MOR-GHRADAÍM NÁISIÚNTA

3ú hÁit	€7,500	Cumann Forbartha Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
2ú hÁit	€12,500	Comharchumann Ráth Chairn, Co. na Mí

BUAITEOIR NÁISIÚNTA 2007

€50,000

(Urraithe ag an Aire Gnóthaí Pobail,
Tuaith agus Gaeltachta)

Trófaí Ghlor na nGael (Urraithe ag Foras na Gaeilge)

**GLÓR NA HINSE,
CO. AN CHLÁIR**

Ón pháipéar Saol

Éigse Uladh

Ba iad Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a chuir túis leis an Éigse i dtús ama i gcomhar le muintir na háite agus bhíodh sí ar siúl in Óstán Radharc an Earagail, áit ar cuireadh caoi mhaith ar lucht na hÉigse ar feadh na mblianta fada. Ba é an Col, Eoghan Ó Néill nach maireann a bhí ina Stiúrthóir ar an Chomhdháil ag an am agus i measc na ndaoine a bhí ag obair leis an Chomhdháil agus a raibh baint acu leis an Éigse thar na mblianta sin bhí Tomás Mac Gabhann agus an Captaen Seán Ó Donnagáin nach maireann, Nuala Ní Dhomhnaill, Liam Ó Conchubhair agus Coimisinéir Teanga an lae inniu Seán Ó Cuirreáin. Bhí an sagart Eoghan Ó Frighil as Gaoth Dobhair agus bhí ina Shagart Paróiste i gCill a 'Bhaird i mBaile Dhún na nGall agus a fuair bas cúpla bliain ó shoin in a Chathaoirleach ar an Choiste Áitiúil ar feadh na mblianta a bhí sé ag obair i nGaoth Dobhair. Ar na daoine eile a bhí gníomhach sa Choiste áitiúil bhí Seán Ó Gallchóir (Johnnie Sheáin) nach maireann, Noel Ó Gallchóir, Tomás Mac Giolla Bhrígde, Donnchadh Mac Phionnlaoich T.D., Máire Uí Bhaoill, an Sagart Dónall Mac Suibhne, lar-phríomhoide Ard Scoil Mhuire agus atá anois ar shlí na firinne.

Rinneadh plé ar go leor Téamaí i rith na mblianta sin ag na hÉigse. Tá buiochas ag dul do na dreamanna uilig a thug urraíocht don Éigse i rith na mblianta sin. Tá an Comórtas aithriseoireachta 'An Béal Binn' ar siúl faoi stiúir Noel Ó Gallchóir mar chuid den Éigse achan bliain go fóill. Is Fóram Díospóireachta atá san Éigse do lucht na Gaeilge agus do mhuintir na háite.

ÉIGSE ULADH GAOTH DOBHÁIR 7-9 Márta 2008

TÉAMA:

Ginealeolaíocht agus ár sinsear

OSCAILT OIFIGIÚIL LE:

Pádraig Ó hAoláin
Príomhfeidhmeannach Údarás na Gaeltachta

CAINTEOIRÍ:

An Dr Dónall Ó Baoill
Ollscoil na Ríona, Béal Feirste

An Dr Nollaig Ó Muraille
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

IONAD:

Ionad an Acadaimh, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair

TUILLEADH EOLAS: COMHARCHUMANN FORBARTRA GHAOOTH DOBHÁIR ☎ 074 9532208/31008

ACADAMH
an Mhodhráinseacháin Gaeilge

Comharchumann
Forbartha
Ghaoth Dobhair

Údarás na Gaeltachta

Páistí: Comháit Ó scoláire 081-2794035

Seachtain na Gaeilge 2008 7–14 Márta

Gaoth Dobhair

Dé hAoine, 7 - 9 Márta

Éigse Uladh 2008 (Clár le fáil)

Dé Luain, 10 Márta, 9.30

Seisiún Ceoil i dTigh Hiúdáí Bhig

Dé Máirt, 11 Márta, 7.30

Coirmcheoil Scór na nÓg,

Dé Céadaoin, 12 Márta, 8.00

Clubtheach C.L.G Ghaoth Dobhair

Déardaoin, 13 Márta, 9.00

Léacht sa Chrannóg, le Noel Ó Gallchóir,

Dé hAoine, 14 Márta

Príomh Oide, Phobalscoil Ghaoth Dobhai

Lá Fhéil Pádraig, 15 Márta

Téama: Logainmneacha Ghaoth Dobhair

Dé Luain 17 Márta

Tráth na gCeist i dTigh Hiúdáí Bhig, le Rónán Mac Aodh Bhúi, Raidió na Gaeltachta

Céilí don óige, 8-10 in Ionad Phádraig, Dobhar,

Bailiúchán na Teanga ag na Tithe Pobail sa pharóiste a eagrú ag C.L.G Ghaoth Dobhair

Mórshiúl na Féile Pádraig, 2.3.

TUILLEADH EOLAS: 074 95 32208/95 60424

Togra Ginealaigh an Iarthuaiscirt

CÉN DREAM MÉ/MUID

Dónall P Ó Baoill,

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Tá sé i gceist ag Roinn na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste tabhairt faoi thi-onscadal taighde ar chúrsaí ginealaigh in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Ba mhaith leo an taighde a dhéanamh i gcomhar le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair. Tá cuid den réamhobair déanta mar go raibh dhá chruinniú poiblí cheana féin ann sa Chrannóg san Fhómhar 2007 le cuisle na ndaoine a mheas agus le meitheal oibre a chur i gceann a chéile agus a dh'obair. Bhí freastal réasúnta maith ar an dá chruinniú sin agus míniódh dá raibh i láthair gurb é an ceantar a bhaineann le paróistí An Fhál Carraigh, Ghort An Choirce agus Ghaoth Dobhair agus le codanna de na Rosa siar chomh fada le hAnagaire a bhainfeadh an taighde sa chéad ait.

Beidh trí chuid san obair de réir mar atá sí leagtha amach.

- (a) Ainmneacha na háite a chur le cáipéisí ó tuairim ar 1800 aniar.
- (b) Tuairisc mhór na Cúirte as an House of Commons 1858 a chur os comhair na ndaoine trí Raidió na Gaeltachta
- (c) Léarscáileanna a dhéanamh d'ainmneacha na háite idir bheag is mhór—a gcuid seanchais agus gciall a ríomh le faichill agus le foghlaim.

Ainmneacha na háite

Is ceart beagán a rá faoina bhfuil i gceist. Ó tharla go bhfuil gnás eile sa Ghaeltacht le daoine a ainmniú, is fusa go mór an taighde ginealaigh a dhéanamh ach an córas sin a úsáid agus chur i bhfeidhm. Go deimhin féin, tá sé riachtanach an obair a dhéanamh mar sin. Sna cáipéisí oifigiúla níl ach ainm oifigiúil le fáil i mBéarla. Caithfear mar sin sa chéad áit an t-ainm áite (mar is fearr aithne ar an duine) a chur le gach ainm Béarla, ma thig ar chor ar bith é. Lena chois sin, caithfear leasainm ar bith a bhaineann le duine nó le dream daoine a chur síos. Ba mhaith linn forsta an chuid de bhaile ar as duine a dháil amach agus a chur síos, chomh maith le seanchas nó rud ar bith eile a bhaineann leis na mionáiteacha sin a bhreacadh ar pháipéar nó a thaifeadadh a bhfoirm fuaime nó físe. Faightear go leor de na mionainmneacha seo i gcáipéisí a bhaineann le baistí, le scoileanna agus le go leor foinsí eile. Tá mórán eolais le baint as saineolas ar na mionbhailte a thabharfas cuiдиú dúinn daoine a aithne agus ainmniú. Beidh an chuid seo don eolas úsáideach le réiteach a dhéanamh do fhothionscadal (c) thuas.

Lena chois sin beidh fo-aonaid lárnacha eile ann le clúdach níos cuimsithí a dhéanamh ar an dúiche ó Bhaile na Bó go hAnagaire nó mar sin agus na hoileáin san áireamh. Féadfaidh dream ar bith a bheith páirteach sa TIONSCADAL ann ach é a bheith faoi lántseol.

Le fócas níos fearr a thabhairt don obair, cinneadh tú a chur leis an obair le Daonáireamh 1901—é a scrúdú agus an t-eolas riachtanach uilig a bhaineann leis a chur in eagair.

Iarrachtaí Maoinithe

Ba mhaith linn maoiniú a fháil as foinsí éagsúla—scéimeanna de chuid an rialtais, scéimeanna an Choiste Gair-moideachais, scéim ealaíne na Comhairle Contae agus ó Chomhairlí Taighde sa Breatain agus in áiteanna eile. Beidh an Comharchumann ábalta úsáid a bhaint as scéim FÁS forsta.

Is den riachtanas é go bhfaighimis duine/daoine lánimseartha le comhordú a dhéanamh ar an obair uilig agus le a ghabhail ar lorg tuilleadh maoine. Tá an obair sin uilig idir lámha.

Slóir na nGael

Ainneoin gurbh anuraidh 2007 an chéad bliain do Ghaoth Dobhair a bheith san iomaíocht i leibhéal 4 do Chomórtas Ghlór na nGael d'éirigh linn an 3ú háit a fháil agus duais airgid de €7500.

Is é Leibhéal a 4 an Leibhéal don Mhór-Ghradam Náisiúnta nó Craobh na hÉireann.

Tá muid mórtasach as sin. Comhghairdeas le Dobhar a fuair duais aitheantas de €1000.

Cuireadh túis leis an chomórtas den chéad uair i 1961, bliain chomórtha ar pilleadh Naomh Pádraig ar Éirinn.

Bunaíodh Glór na nGael faoi chomhearlamhacht Uachtarán na hÉireann Éamonn De Valera agus an Chairdinéal John Dalton i gcuimhne ar ghór na ndaoine a chuala Naomh Phádraig agus iad ag glaoch air chun pilleadh ar Éirinn. Bhí baint mhór ag an Chairdinéal Tomás Ó Fiaich nach maireann leis an chomórtas agus fosta an Monsignor Pádraig ó Fiannacha Sagart Paróiste an Daingin i Ciarráíanois.

Is tré Ghlór na nGael a fuair muid aithne ar Cholm Ó Torna, Eagarthóir an pháipéir Saol anois a chaith blianta fada ag Timireacht do sa taobh seo tire. Cuireadh struchtúr an Bhoird Stiúrtha ar bun i 1988 agus rinneadh é sin a fhorbairt trí chorprú na heagraiochta i 2001 agus úinéireacht roinnte 50/50 idir Cumann na Sagart agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Taobh amuigh de na Coistí sa tuaisceart, na coistí éagsúla i mBéal Feirste mar shampla a bhain an Mór Ghradam Náisiúnta i 1986, 1996, 2003, 2005 agus Doire a bhain é i 1999, níor éirigh le Coiste ar bith eile i gCúige Uladh é a bhaint amach. Tá sé in am agus thar am ag Gaoth Dobhair é a bhaint. Tá muid ag teacht!

Is fada Gaoth Dobhair san iomaíocht i nGlór na nGael ó thus ama sna seascaidí. Ar na daoine a bhí ag plé le Glór na nGael i nGaoth Dobhair i dtús ama bhí Áine Nic Giolla Bhríde, Cónall Ó Fearraigh, Seán ó Gallchóir, Máire Nic Giolla Easpaig, Tomás Mac Giolla Bhríde, coiste a bhí faoi scáth Amharclann Gaoth Dobhair san am. Sin an uair ar cuireadh na fógraí “Fáilte go Gaoth Dobhair” suas den chéad uair ariamh. Tá siad ann go fóill agus tá

Comharchumann Forbartha Gaoth Dobhair freaghrach astú anois le fada.

Tá go leor duaiseanna buaite ag Gaoth Dobhair ó athbhunaíodh an Coiste i 1982. Ar na daoine a bhí gníomhach ann bhí Máire Ní Bhaoill, Fionntán Mac Aodh Bhúi agus Tomás Ó Curráin a bhí mar rúnai.

Is iad “Glór na hInse” nó Inis i gCo an Chláir a bhain an Mór Ghradaim Náisiúnta in 2007 agus ar 29 Márta 2008 beidh bronnadh na nduaiseanna ar siúl ansin in Inis.



Ba mhaith leis an Chomharchumann buíochas a thabhairt don lucht gnó a thug urraíocht dúinn do lá Santa. Bronnadh €500 ar an Ionad Lae agus €500 ar an Ionad Altranais i nGaoth Dobhair

Siopa Uí Ghallchóir, Siopa Uí Mhaolmhuaidh, Ceimiceoir Uí Dhomhnaill, Comhar Creidmheasa Gaoth Dobhair, Siopa Mháire Ned, Siopa Nonnie, Teach Hiúdáí Beag, Óige na Gaeltachta, Banc na hÉireann, Banc Aontas Éireann.

